Iniúchtaí eolaíochta na bunscoile
https://rsc.li/3siOhPR

# Siúcra trom

why& how? PRIMARY SCIENCE TEACHING TRUST

ROYAL SOCIETY OF CHEMISTRY

# Siúcra trom

**Déanfaimid an méid seo a leanas:**

Snámh agus dul faoi a fhiosrú chun tuiscint a fháil ar an méid siúcra a bhíonn i ndeochanna boga.






# Cuspóirí foghlama

## Tuiscint

- Tuigim an chúis a snámhann roinnt nithe agus a dtéann nithe eile faoi uisce (leacht).
- Tá a fhios agam gurb í an mhais an tomhas ar an méid ábhair atá i ní agus go dtomhaistear i ngraim í.
- Tá a fhios agam gur tomhas é an dlús an ar an méid maise i dtoirt faoi leith.
- Tuigim an chaoi a dtéann siúcra i bhfeidhm ar an tsláinte.

## Scileanna taighde

- Táim in ann tuartha agus breathnuithe a dhéanamh.
- Táim in ann meastóireacht a dhéanamh ar iniúchadh.



# Foclóir áisiúil

- **Tuaslaig:** substaint a mheascadh le leacht go dtí nach bhfuil an tsubstaint le feiceáil níos mó.
  An féidir libh smaoineamh ar shamplaí de thuaslagadh?
- **Tuaslagóir:** leacht atá in ann ábhar eile a thuaslagadh.
  An féidir libh smaoineamh ar leacht ar tuaslagóir é?
- **Tuaslagáit:** ábhar is féidir a thuaslagadh.
  An féidir libh smaoineamh ar shubstaint a thuaslagann in uisce?
- **Intuaslagtha:** is féidir a thuaslagadh i dtuaslagóir. Tuaslagann siúcra in uisce – tá sé intuaslagtha.
- **Dlús:** tomhas ar mhais i dtoirt faoi leith.





# Modh: gnáthchóla agus cóla ‘diet’ a chur i gcomparáid lena chéile

1. Cuirigí dhá channa in umar uisce.
2. Céard a fheiceann sibh ag tarlú? Déanaigí iarracht a bhfeiceann sibh a mhíniú.

Cuimhnígí ar an gcaoi a bhféadfaí an difríocht idir an dá channa a aimsiú.






# Modh: an cion (méid) siúcra i ‘ngnáthchóla’ a aimsiú

1. Cuirigí cupán plaisteach ar an gcóla ‘diet’. An féidir libh a thuar cé mhéad taespúnóg siúcra a chaithfear a chur sa chupán go dtí go snámhann an canna ar an leibhéal céanna leis an ‘ngnáthchóla’?
2. Breathnaígí go cúramach agus comhairigí an líon spúnóg siúcra a chuirtear sa chupán plaisteach – is é sin an tomhas ar an méid siúcra i gcanna ‘gnáthchóla’.
3. Bainigí úsáid as lipéid chothaithe ar dheochanna boga eile chun an cion siúcra atá iontu a fháil amach.





# Ár dturgnamh a phlé

- Céard iad na difríochtaí idir canna gnáthchóla agus canna cóla 'diet'?
- Cén chaoi a bhfuil a fhios againn go bhfuil siad difriúil?
- Céard iad na cosúlachtaí idir na cannaí?
- Cén fáth a snámhann an deoch 'diet' ach go dtéann an gnáthdheoch síos faoin uisce?
- Cén fáth ar cheart dúinn a bheith buartha faoin siúcra inár ndeochanna?



# Meastóireacht

Céard a cheapann sibh faoinár g**cuspóirí foghlama** inniu?

- Tuigim an chúis a snámhann roinnt nithe agus a dtéann nithe eile faoi uisce (leacht).
- Tá a fhios agam gurb í an mhais an tomhas ar an méid ábhair atá i ní agus go dtomhaistear i ngraim í.
- Tá a fhios agam gur tomhas é an dlús an ar an méid maise i dtoirt faoi leith.
- Tuigim an chaoi a dtéann siúcra i bhfeidhm ar an tsláinte.
- Táim in ann tuartha agus breathnuithe a dhéanamh.
- Táim in ann meastóireacht a dhéanamh ar iniúchadh.

Má tá sibh muiníneach gur féidir, sínigí cúig mhéar in airde, nó sínigí méar amháin más fearr libh an ceacht a phlé arís.





# Buíochas

Sleamhnán 2: íomhá © Royal Society of Chemistry
Sleamhnán 4: íomhá © Phil Lenoir/Shutterstock
Sleamhnán 5: íomhá © Sheila Fitzgerald/Shutterstock
Sleamhnán 6: íomhá © Dennis Jacobsen/Shutterstock
Sleamhnán 8: íomhá © Sichonl/Shutterstock